2025/814

28.4.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/814 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 25 Aibreán 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333 ([1]).

(2) An 16 Eanáir 2025, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2769 (2025), lena n-athdhearbhaítear a tiomantas láidir do cheannasacht, neamhspleáchas, iomláine chríochach agus aontacht náisiúnta na Libia agus lena gcinntear go bhfuil an staid sa Libia fós ina bagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta.

(3) Le Rún 2769 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, tugadh isteach dhá dhíolúine ón trádbhac arm agus critéar liostaithe nua, dóibh siúd atá faoi réir srianta ar chead isteach nó reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha, nó an dá rud.

(4) Ina theannta sin, le Rún 2769 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, modhnaíodh raon feidhme na mbeart a forchuireadh ar Údarás Infheistíochta na Libia.

(5) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 2:

‘5. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir le haon chúnamh teicniúil ná oiliúint theicniúil a sholáthraíonn na Ballstáit d’fhórsaí slándála na Libia arb é is aidhm dóibh an próiseas maidir le hathaontú institiúidí míleata agus slándála na Libia a chur chun cinn, agus an próiseas sin amháin, ná maidir le hairm nó trealamh míleata a bheith á dtabhairt isteach go sealadach sa Libia, ar airm nó trealamh míleata iad atá beartaithe lena n-úsáid ag soláthraithe cúnaimh theicniúil agus oiliúna teicniúla den sórt sin nach soláthraithe de chuid na Libia iad, agus acu sin amháin, chun cúnamh den sórt sin a sheachadadh nó chun iad a úsáid go cosantach, mar a cuireadh in iúl roimh ré don Choiste.

6. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir le haerárthaí míleata ná soithí cabhlaigh arna dtabhairt isteach go sealadach i gcríoch na Libia ag Ballstát, chun earraí a sheachadadh nó chun gníomhaíochtaí a éascú, agus sin amháin, ar ghníomhaíochtaí iad atá díolmhaithe ar shlí eile nó nach gcumhdaítear leis an trádbhac arm, lena n-áirítear cúnamh daonnúil, ná maidir le hairm agus ábhar gaolmhar chun críoch cosanta a fhanann i gcónaí ar bord an tsoithigh nó an aerárthaigh le linn dóibh a bheith sa Libia go sealadach, nó a bhíonn i gcónaí ar iompar ag aon phearsanra nach pearsanra de chuid na Libia iad a dhíbhordáil go sealadach ón soitheach nó ón aerárthach sin.’;

(2) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, a chosc i gcás daoine arna n-ainmniú agus arna gcur faoi shrianta taistil ag an gComhairle Slándála nó ag an gCoiste i gcomhréir le mír 22 de Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 23 de Rún 1973 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 4 de Rún 2174 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 11 de Rún 2213 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 11 de Rún 2362 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 11 de Rún 2441 (2018) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus mír 18 de Rún 2769 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.’;

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/oj).

(3) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Na cistí, na sócmhainní airgeadais agus na hacmhainní eacnamaíocha eile go léir atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, ag daoine agus eintitis atá ainmnithe agus faoi réir reo sócmhainní ag an gComhairle Slándála nó ag an gCoiste i gcomhréir le mír 22 de Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, míreanna 19 agus 23 de Rún 1973 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 4 de Rún 2174 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 11 de Rún 2213 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 11 de Rún 2362 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mír 11 de Rún 2441 (2018) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus mír 18 de Rún 2769 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, déanfar iad a reo.';

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'15. Tar éis don Bhallstát lena mbaineann fógra a thabhairt don Choiste, agus ar choinníoll gur fhormheas an Coiste úsáid cúlchistí airgid reoite dá dtagraítear i mír 14 de Rún 2769 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear comhairliúchán le Rialtas na Libia, agus i gcomhréir leis an mír sin, údaróidh údaráis inniúla an Bhallstáit sin úsáid cúlchistí airgid reoite ar leis an eintiteas atá liostaithe faoi iontráil uimhir 1 in Iarscríbhinn VI iad, le haghaidh infheistíochta sna nithe seo a leanas, agus na nithe seo amháin:

(a) taiscí ama ísealriosca le hinstitiúid airgeadais iomchuí arna roghnú ag an eintiteas atá liostaithe faoi iontráil uimhir 1 in Iarscríbhinn VI agus atá lonnaithe sa Bhallstát ina bhfuil na cistí reoite, i gcás cúlchistí airgid reoite dá dtagraítear i "moladh 7.1" dá dtagraítear i Rún 2769(2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nó

(b) ionstraimí ioncaim sheasta, i gcás cúlchistí airgid reoite dá dtagraítear i "moladh 7.2" dá dtagraítear i Rún 2769 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe,

i gcomhréir le formheas an Choiste.

16. Fanfaidh na taiscí ama ísealriosca dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 15 agus na húis a fabhraíodh orthu reoite. Fanfaidh na hionstraimí ioncaim sheasta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 15 agus an t-ioncam a fabhraíodh orthu reoite

Beidh gach athinfheistiú faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear i mír 15.

17. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 15, laistigh de 2 sheachtain ón údarú.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Aibreán 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. SZŁAPKA